


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta & Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad** | Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | **Oifigeach Teicniúil – Eolaíocht barr** |
| **Tréimhse an Phoist** | Conradh 3 Bliana nó Post Buan (ag braith ar thaithí & cáilíochtaí) (Painéal 12 mhí Buan & Sealadach) |
| **Grád** | Oifigeach Teicniúil |
| **Scála Tuarastail** | € 48,239 - €63,177 |
| **Bainisteoir Líne** | Ceann Scoile agus/nó a (h)ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 019777 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Kim Hannon |
| **Iarratais agus Dáta Deiridh** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |

## Achoimre ar an bPost:

Tá Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD ag lorg Oifigeach Teicniúil chun tacú le teagasc agus taighde i Rannóga na nEolaíochtaí Ainmhithe & Barra agus an Chomhshaoil & Bainistíocht Acmhainní Inbhuanaithe sa Scoil (Conradh 3 bliana nó post buan (ag braith ar scileanna agus taithí). Tá foireann acadúil sna Rannóga seo freagrach as raon modúl a bhaineann le barra, féarthailte, ithreach agus eolaíocht chomhshaoil a mhúineadh do mhic léinn fochéime agus iarchéime. Déanann siad taighde bunúsach agus feidhmeach ceannródaíoch freisin san agranamaíocht, sa mheicniú, sa talmhaíocht dhigiteach, agus sa mheasúnú comhshaoil freisin. Beidh scileanna áirithe a bhaineann le bainistiú áiseanna táirgthe barr agus féir ghníomhacha ag an té a cheapfar. Beidh scileanna eile i gceist; ina measc: bunú trialach, measúnú agus bainistíocht barr agus féir le linn an tséasúir, leagan amach agus bunú plotaí, agus cothabháil trealaimh plotaí. Freisin, beidh siad páirteach i bhfoireann taighde gníomhach atá an-spreagtha agus atá aitheanta ar fud an domhain, ina bhfuil príomh-imscrúdaitheoirí agus eolaithe iardhochtúireachta agus mic léinn iarchéime gaolmhara ag obair.

Beidh an t-iarratasóir rathúil lonnaithe go príomha ag Feirm Liamhna, Cill Droichid, Co. Chill Dara (saoráid teagaisc agus taighde 250 heicteár atá suite thart ar 30 ciliméadar siar ó phríomhchampas UCD i mBelfield) agus beidh siad freagrach as rith laethúil na n-áiseanna taighde féir agus barra. De réir mar a athraíonn riachtanais, áfach, beidh gá le solúbthacht chun scileanna nua a fhorbairt agus oibriú i réimsí eile den Scoil.

© UCD Human Resources